An Rialálaí Carthanas
Charities Regulator

Teachtaireacht thábhachtach ón Rialálaí Carthanas - Oibleagáidí Comhlíonta a Chomhlíonadh

Tiomsaíonn an FSSU faisnéis airgeadais bhliantúil ar scoileanna agus cuireann sé an t-eolas seo ar aghaidh chuig an Rialálaí Carthanas. Chun ceanglais chomhlíonta an Rialálaí Carthanas a chomhlánú, **déan athbhreithniú agus fíorú ar an bhfaisnéis** seo ar thairseach an Rialálaí Carthanas ar líne faoin **chomh luath agus is féidir** agus faoin ***30 Meitheamh gach bliain*** amach anseo.

Lean na céimeanna seo a leanas, le do thoil, ag tosú leis an bhfoirm tuairisce is sine atá fós le réiteach:

1. Logáil isteach i do chuntas ar thairseach an Rialálaí Carthanas ar líne
2. Déan athbhreithniú ar an bhfaisnéis do gach ceann de na tuarascálacha bliantúla atá fós le réiteach, suas go dtí an scoilbhliain dar críoch 31 Lúnasa 2022 agus an bhliain sin san áireamh.
3. Dearbhaigh go bhfuil an fhaisnéis ceart agus cuir isteach é

- Tá na céimeanna thuas leagtha amach inár ngrafaic faisnéise cabhrach anseo.
- Chun rochtain a fháil ar do chuntas custaiméara nó mura cuimhin leat d'ainm úsáideora nó do phasfhocal, gheobhaidh tú treoracha inár ngrafaic faisnéise cabhrach anseo.

Má fhaigheann tú eolas atá mícheart san fhoirm réamhlíonta, níl le déanamh ach é a cheartú ar an bhfoirm réamhlíonta. Cuir an FSSU ar an eolas le do thoil, maidir le haon cheartúcháin a dhéanann tú.

Tuarascálacha Bliantúla gan réiteach roimh 2019
Tá foirmeacha tuairiscithe bliantúla réamhlíonta do na blianta 2019*, 2020, 2021, agus 2022. Mar sin féin, foirmeacha tuarascálacha bliantúla atá fós gan réiteach roimh 2019, níl siad réamhlíonta. Mura bhfuil sé sin déanta agat cheana féin, cuir isteach an fhaisnéis atá ag teastáil le do thoil, agus cuir isteach aon fhoirmeacha tuairisce bliantúla atá fós gan réiteach, ag tosú leis an gceann is sine.

* Ní dhéanfar tuarascálacha 2019 a réamhlíonadh do Phobalscoileanna agus do Scoileanna Cuimsitheacha toisc nár cuireadh cuntais isteach chuig an FSSU don tréimhse sin.

Meitheamh 2023